



# Nuachtlitir Thráchtála

RTÉ Commercial Newsletter

RTÉ

# Contents

<b>Réamhrá</b> Intro	3
<b>Strength in Unity: Championing Irish Language Advertising at RTÉ</b>	5
<b>Nóta ón Choimisinéir Teanga</b> A Note from An Coimisinéir Teanga	6
<b>Buntáistí na Gaeilge sa Mhargaíocht</b> The Advantage of using Gaeilge in Marketing	8
<b>Príomhthorthaí Taighde ar Bhuntáistí na Gaeilge sa Mhargaíocht</b> Findings of a Study on the Advantages of Irish in Marketing	8
<b>Roghnaigh an guthóir ceart do d'fhógra Gaeilge</b> How to choose the right VO Artist for Irish ads	10
<b>Cad is cainteoir líofa ann?</b> What is a fluent Irish speaker?	12
<b>Cúpla Focal don Oifig</b> Cúpla Focal for the Office	14
<b>RTÉ Raidió na Gaeltachta ag urrú Catagóir na Gaeilge ag Gradaim Mhargaíochta MII</b> RTÉ Raidió na Gaeltachta Sponsoring Irish Language Category at Prestigious Marketing Awards.	15
<b>Acmhainní Breise</b> Additional Resources	16
<b>Go Bunúsach</b> In Short	17

# Réamhrá

## Intro

Fáilte chuig ár Nuachtlitir Thráchtála! Agus muid beagnach ag deireadh Sheachtain na Gaeilge, ba mhaith linn an deis a thapú tús a chur le nuachtlitir rialta ó RTÉ a sheoladh amach, a bheidh dírithe orthu siúd a dhéanann fógraíocht trí Ghaeilge inár dtionscal. Táimid ag iarraidh tacú lenár bhfógróirí Gaeilge trí chabhrú leo dul chomh fada le lucht éisteachta agus féachana Gaeilge RTÉ agus iad a mhealladh trí eolas praiticiúil, acmhainní cabhracha agus uasdátuithe úsáideacha a chur ar fáil.

San eagrán pacáilte seo, tiocfaidh tú ar pháosa ón Choimisinéir Teanga faoi chur i bhfeidhm Alt 10A (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) agus an ról atá aige i neartú fhorbairt na Gaeilge mar theanga bhríomhar chomhaimseartha, comhairle chun guthóir oiriúnach a roghnú do d'fhógra Gaeilge chomh maith le Clíodhna Ní Mhianáin, ár nAistritheoir Imreítigh nua, a chur in aithne duit, AGUS cúpla focal le húsáid timpeall na hoifige duit!

Táimid ar bís a fhógairt freisin go mbeidh RTÉ Raidió na Gaeltachta ag urrú Gradam Margaíochta le Gaeilge ag MII AIM Awards don dara bliain as a chéile. Ceiliúrann gradaim AIM buanna ceannródaíochta sa ghnó atá bainte amach ag margóirí Éireannacha, agus duais an fheabhais sa Ghaeilge sciobtha leo ag ESB Electric Ireland anuraigh.

Tá súil againn go mbaineann tú taitneamh as an chéad nuachtlitir agus cuireann muid fáilte roimh aon ábhar ar mhaith libh a fheiceáil sna heagrán amach anseo .

Welcome to our Nuachtlitir Thráchtála! As we reach the end of Seachtain na Gaeilge, it feels like the right time to roll out what will become a regular newsletter from RTÉ geared towards the growing community of Irish language advertisers in our industry. We aim to support our Irish language advertisers, helping them to reach and engage RTÉ's Irish speaking audiences by sharing practical information, helpful resources and useful updates on an ongoing basis.

In this jam-packed edition you'll find a piece by An Coimisinéir Teanga about the implementation of Section 10A (Advertising by Public Bodies) and its role in strengthening the progression of Irish as a vibrant contemporary language, advice for choosing the right Voiceover Artist for your Irish advert, as well as an introduction to Clíodhna Ní Mhianáin, our new Clearance Translator at RTÉ Commercial, and some a cúpla focal to try out around the office!

We're also delighted to announce that RTÉ Raidió na Gaeltachta will be sponsoring Gradam Margaíochta le Gaeilge at the MII AIM Awards for a second year. The AIM awards celebrate the ground-breaking business results delivered by Irish marketers, with ESB Electric Ireland scooping the award for excellence in Irish language advertising last year.

We hope you enjoy this first newsletter and welcome suggestions of content you would like to see in future issues.



# Strength in Unity: Championing Irish Language Advertising at RTÉ



Clíodhna Ní Mhianáin  
Aistritheoir Imreítigh



Dia daoibh, is mise Clíodhna Ní Mhianáin, Aistritheoir Imreítigh Rannóg Tráchtála RTÉ. Is cainteoir dúchais mé as Carn Tóchair, pobal beag tuaithe as deisceart chontae Dhoire a bhfuil clú agus cáil air de bharr na hathbheochana teanga ó bhun aníos atá tarlaite ann le 30 bliain anuas. D'éirigh liom oideachas iomlán a fháil trí mheán na Gaeilge, ón naíonra a fhad leis an ollscoil.

Creidim go láidir go bhfuil sé de cheart againn uilig saol trí Ghaeilge a bheith againn, agus gur féidir linn seo a bhaint amach gan mhoill. Trí fhógraíocht a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, tá ár dtionscal ag cuidiú le Gaeilgeoirí sin a dhéanamh, chomh maith le deiseanna a chruthú don phobal i gcoitinne an teanga a chloisteáil go rialta. Normalaíonn agus cuireann seo an teanga chun cinn, agus is slí millteanach úsáideach í chun naisc a thógáil idir RTÉ, ár ngníomhaireachtaí, ár gcliaint agus ár lucht féachana.

Sular thug mé faoin ról seo, bhí iliomad deiseanna agam mo chuid scileanna aistriúcháin agus sna meáin a fhorbairt. Chaith mé seal i mo shaoraistritheoir le linn mo chuid Ardleibhéil agus shocraigh mé staidear a dhéanamh ar Chumarsáid & Aistriúchán in Ollscoil na Gaillimhe, céim a shamhlaítear i gcónaí leis na meáin Ghaeilge. Tá an t-ádh orm go bhfuil líonra leathan de Ghaeilgeoirí forbartha agam ar fud an oileáin, rud atá tar éis tuisoint ar leith a thabhairt dom ar na slí agus na bealaí éagsúla leis an Ghaeilge a úsáid mar mhodh cumarsáide.

Bhí de phribhléid agam obair i rannóga éagsúla in RTÉ, agus tromlach mo chuid ama caite agam le RTÉ Raidió na Gaeltachta. Dá bharr, tá léargas faighte agam ar ról tábhachtach RTÉ agus an tionscal i gcoitinne i gcosaint agus i

gour chun cinn ár dteanga dhúchais.

Tá mé ag tnúth go mór le comhoibriú go dlúth lenár gcliaint agus lenár ngníomhaireachtaí le fógraíocht na Gaeilge a fhorbairt agus a fheabhsú. Tá bóthar fada fós romhainn ach, trí oibriú lena chéile, is féidir linn fograí Gaeilge a chur amach a chuirfidh bród orainn. Cuirim fáilte roimh gach comhfhreagras agus deis maidir le fógraíocht na Gaeilge, agus tá mé breá sásta labhairt libh faoi aon rud – níl a leithéid de rud ann agus ceist amaideach!

Dia daoibh, is mise Clíodhna Ní Mhianáin, RTÉ Commercial Department's Clearance Translator. I am a native Irish speaker from Carn Tóchair, a rural community in south Derry that is renowned across Ireland for its grassroots Irish language revival over the past 30 years, and I received my entire education from nursery to university completely through Gaeilge.

I firmly believe that everyone and anyone in Ireland has a right to live their life through Irish, and that this is achievable in the short-term. By advertising through Irish, our industry is actively helping Irish speakers do just that, while creating opportunities for wider society to experience the language more frequently. This normalises and promotes the language, and is highly beneficial in developing a relationship between RTÉ, our agencies, clients and our audience.

Prior to my role here, I have had numerous opportunities to develop my skills in both translation and in media. I have worked on a freelance basis for several years during my A-Levels and decided to undertake Media & Translation through Irish in the University of Galway,


a programme synonymous with the Irish language media landscape. I have luckily developed a wide network of amazing Gaeilgeoirí (Irish speakers) across the island, who have given me a deep understanding of the various means and ways of using Gaeilge as a means of communication.

I have had the privilege of working with numerous departments in RTÉ, with most of my time being spent learning and working in RTÉ Raidió na Gaeltachta. This has allowed me to gain perspective of the important role RTÉ and the broader industry has in protecting and promoting our native tongue.

I am eager to work closely with our clients and agencies to develop and improve our Irish language advertising. This is a journey but through working together we can produce and air Irish adverts that we can all be proud of. I welcome all correspondence and opportunities regarding Irish language advertising, and am happy to speak on anything – there is no such thing as a silly question!

# Nóta ón Choimisinéir Teanga

## A note from An Choimisinéir Teanga



Páidí Ó Lionáird

Bainisteoir Cumarsáide, Oifig an Choimisinéara Teanga

Is léir go bhfuil méadú suntasach spreagtha ag Alt 10A (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) in úsáid agus i bhfeiceálacht na Gaeilge ar na meáin éagsúla ó cuireadh i bhfeidhm é i mí Dheireadh Fómhair 2022. Daingníonn treisiú na fógraíochta i nGaeilge cearta teanga phobal na Gaeilge. Is ábhar imní é, áfach, an Ghaeilge a úsáidtear i goid de na fógraí.

Tá monatóireacht leanúnach á déanamh ag Oifig an Choimisinéara Teanga ar chomhlíonadh Alt 10A ag Comhlachtaí Poiblí, lena n-áirítear úsáid chruinn na Gaeilge scríofa agus labhartha i bhfógraí. Leagadh béim ar leith ar an mbunriachtanas seo sna nótaí comhairleacha a scaip Oifig agus Choimisinéara Teanga ar gach comhlacht poiblí mar ullmhúchán do theacht i bhfeidhm alt 10A.

Is é atá i gceist le cruinneas sa chás seo, ábhar atá saor ó earráidí comhréire, gramadaí agus litrithe agus i gcás ábhar físe agus fuaim go dtugtar aird d'fhoghraíocht, d'aiceann agus do rithim shainiúil na Gaeilge. Is tábhachtaí fós é seo nuair a chuirtear san áireamh gur aistriúcháin ar leaganacha Béarla d'fhógraí is mó a d'fhéadfadh a bheith sna fógraí Ghaeilge.

Músclaíonn míchruinneas teanga i bhfógraí Gaeilge ceistanna faoi iontaofacht na teachtaireachta atá á cur in iúl ag an gcomhlacht poiblí. Beidh tionchar diúltach ag fógraí dá leithéid freisin ar fhoghlaimoírí teanga agus is lú an seans go dtabharfaidh cainteoirí líofa aird ar fhógraíocht ina bhfuil míchruinneas, agus d'fhéadfaí a mheas go bhfuil drochmheas á léiriú ar an nGaeilge.

Tá ról ríthábhachtach ag RTÉ i ndáil le dea-shampla a léiriú ach a chinntiú go bhfuil na fógraí i nGaeilge a chraolann sé thar cheann comhlachtaí poiblí ar ardchaighdeán.

It is evident that Section 10A (Advertising by Public Bodies) has driven a significant increase in the usage and visibility of the Irish language on all media and advertising since its implementation in October 2022. The rise of Irish-language advertising affirms the language rights of the Irish-speaking community. However, the standard of Irish used in some of the ads is of concern.

Oifig an Choimisinéara Teanga is continuously monitoring compliance by Public Bodies with Section 10A., which includes the accurate use of both written and spoken Irish in ads. This prerequisite was emphasised in the advisory notes circulated by Oifig an Choimisinéara Teanga to all public bodies in preparation for section 10A. coming into force.

Accuracy means that the content is free of syntactic, grammatical and spelling errors and that the particular pronunciation, cadence and rhythm of the Irish language are duly taken into account in video and audio content. This is all the more important when you consider that Irish-language advertisements are usually translations of original English-language advertisements. Linguistic inaccuracies in Irish language advertisements raise

questions about the integrity of the message being conveyed by the public body.

Such ads will also negatively impact language learners and fluent speakers are also less likely to pay attention to advertising that contains inaccuracies, and such advertising could be perceived as disrespectful to the Irish language.

RTÉ has a crucial position and role to play in leading by example by ensuring that the ads it broadcasts in Irish on behalf of public bodies are of a high standard.



# Buntáistí na Gaeilge sa Mhargaíocht

## The Advantage of using Gaeilge in Marketing



Shane McGonigle

CEO, Marketing Institute Ireland

Bíonn na gnónna Éireannacha is rathúla in ann dáimh a chruthú lena gcustaiméirí ar leibhéal atá níos doimhne ná díreach feidhmiúlacht an táirge. Cruthaíonn siad naisc mhothúchána a bhíonn bunaithe ar luachanna coiteanna, agus ar na heispéiris choiteanna atá ríthábhachtach dúinn mar dhaoine. Tá bailiúchán mór taighde ag teacht chun cinn a léiríonn go follasach agus go seasta go bhfuil ár n-oidhreacht agus ár gcultúr Gaelach, agus iad curtha in iúl trínár dteanga, ar chuid de na luachanna coiteanna sin. Tá Marketing Institute

Ireland ar bís go bhfuil borradh tagtha ar an mhargaíocht trí Ghaeilge agus é le sonrú i líon na n-iontrálacha i MII AIM Awards 2025. Cosúil leis an mhargaíocht, tá ciall le teanga do chustaiméara a úsáid leo.

The most successful Irish businesses are able to connect with their customers on a level that goes beyond product functionality. They build bonds that connect emotionally on the basis of

shared values, the experiences that we as people cherish the most. There is an emerging body of research that clearly and consistently demonstrates that our Irish heritage and culture, expressed through our language, is one such bond. Marketing Institute Ireland is delighted that we are seeing a revival of marketing activity expressed in the Irish language and witnessed by the resurgence of entries into the MII All Ireland Marketing Awards 2025. Like marketing, it makes business sense to speak in your customers language.

# Príomhthorthaí Taighde ar Bhuntáistí na Gaeilge sa Mhargaíocht

## Findings of a Study on the Advantages of Irish in Marketing



Ellen Curtin

Gaelchultúr - Leas-Stiúrthóir Tráchtála | Deputy Commercial Director

Ní ráiteas cultúrtha amháin é úsáid na Gaeilge san fhógraíocht – is beart cliste gnó é chomh maith. Léiríonn taighde a rinne Gaelchultúr agus Amárach Research le déanaí an chumhacht láidir thráchtála atá ag an nGaeilge agus 59% de thomhaltóirí na hÉireann ag iarraidh ar ghnólaicteá cumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge agus 73% acu den tuairim gur cuideachta áitiúil nó Éireannach atá ann má úsáideann an chuideachta sin an Ghaeilge sa mhargaíocht a dhéanann siad. Cothaíonn an dearcadh seo muinín agus neartaíonn sé dílseacht branda. Níos tábhachtaí arís, léiríonn an taighde gur féidir le húsáid na Gaeilge sa mhargaíocht dea-thionchar a imirt ar dhíolacháin agus custaiméirí nua a mhealladh agus é curtha in iúl ag 41% de na freagróirí go bhfuil seans níos mó ann go gceannódh siad táirgí nó seirbhísí dá mbeadh an Ghaeilge in úsáid sa mhargaíocht. Dúirt 26% acu go mbeadh siad sásta costas níos airde a íoc fiú ar tháirgí nó seirbhísí ina mbíonn an teanga in úsáid sa bhrandáil agus san fhógraíocht a bhaineann leo. Tá an treocht seo níos láidre fós i measc na ndéimeagrafach níos óige agus 29% acu siúd atá idir 35-44 bliana agus 36% acu siúd atá faoi bhun 35 bliana sásta costas níos airde a íoc ar na táirgí nó seirbhísí

céanna nuair a úsáidtear an Ghaeilge sa bhrandáil agus san fhógraíocht a bhaineann leo.

Bíonn dualgais reachtaíochta ar eagraíochtaí poiblí faoi Achtanna na dTeanga Oifigiúla, 2003 agus 2021, an Ghaeilge a threisiú agus a úsáid níos minice san fhógraíocht, rud a fhágann go bhfuil sé riachtanach an teanga a chomhtháthú le straitéisí margaíochta. Ach seachas comhlíonadh na reachtaíochta amháin, is áis iontach luachmhar í an Ghaeilge le buntáiste iomaíoch a bhaint amach, trí aitheantas agus rannpháirtíocht chustaiméirí an chomhlachta a neartú.

Anois an t-am is fearr le leas a bhaint as cumhacht na Gaeilge i gcúrsaí brandála. Tríd an teanga a fhí isteach in ábhar margaíochta d'eagraíochta neartaítear naisc le custaiméirí agus déantar idirdhealú idir tú féin agus do chuid iomaitheoirí.

Using the Irish language in advertising isn't just a cultural statement—it's a smart business move. A recent study by Gaelchultúr and Amárach Research highlights the strong commercial appeal of Irish, with 59% of consumers in Ireland wanting to see businesses communicate in Irish and 73% assuming

that businesses using Irish are local or Irish-owned. This perception builds trust and strengthens brand loyalty. More importantly, the study shows that using the Irish language in marketing can be instrumental in driving sales and attracting new customers, with 41% of respondents stating that they would be more likely to purchase from businesses that market through Irish and 26% even stating that they would pay more for products or services that incorporate the language in their branding and advertising. This trend is particularly strong among younger demographics, with 29% of those aged 35-44 and 36% of under-35s willing to spend more on Irish-branded offerings.

For public sector organisations, the Official Languages Acts 2003 and 2021 mandate greater visibility for Irish in advertising, making it essential to integrate the language into marketing strategies. But beyond compliance, businesses that embrace Irish gain a competitive edge, by enhancing their reputation and customer engagement. Now is the perfect time to harness the power of Irish in your branding. Integrating the language into your marketing strengthens customer connections and sets you apart from the competition.



**Tríd an teanga  
a fhí isteach in  
ábhar  
margaíochta  
d'eagraíochta,  
neartaítear  
naisc le  
custaiméirí  
agus déantar  
idirdhealú idir  
tú féin agus do  
chuid  
iomaitheoirí.'**

# Roghnaigh an guthóir ceart do d'fhógra Gaeilge

How to choose the right VO Artist for Irish ads



## Foras na Gaeilge

### 1. Cumas Teanga & Canúint

**Líofacht:** Ba cheart go mbeadh an-chur amach ag an ghuthóir ar an Ghaeilge  
**Canúint:** Smaoinigh ar an chanúint, agus an bhfuil canúint áirithe ag teastáil don fhógra áirithe sin.

### 2. Tuin Chainte & Stíl

Oiriúnacht don bhranda: ba cheart go mbeadh an tuin ag teacht le féiniúlacht an bhranda – cairdiúil agus croiúil le haghaidh teachtaireachta don phobal, údarásach le haghaidh fógra fhoirmeálta, nó lán le brí le haghaidh fógra tráchtála

### 3. Mothúchán & Cur i Láthair

An bealach chun na mothúcháin chearta, díograis, nó práinn a léiriú ag brath ar theachtairacht an fhógra.

### 4. Glaineacht & Fuaimniú

Ba cheart go mbeadh urlabhairt shoiléir agus fuaimniú nadúrtha ag an ghuthóir le tuisoint a éascú.

### 5. Taithí & Ildánacht

Bíonn cúlra sa ghuthú, go háirithe i réimse na fógraíochta, ina bhuntáiste i gcónaí  
Cumas an ghuthóra stíleanna, mothúcháin nó luasanna éagsúla a úsáid de réir riachtanais an fhógra.

### 6. Lucht Éisteachta/Féachana & Inchreidteacht Chultúrtha

Guth a théann i bhfeidhm ar an sprioc-lucht féachana, beag beann ar an déimeagrafach  
Ba cheart go mbeadh eolas cultúrtha ag an ghuthóir le mífhaisnéis nó míthuisoint na teachtaireachta a sheachaint

### 1. Language Proficiency & Dialect

**Fluency:** The artist must have excellent command of the Irish language.  
**Dialect:** Consider dialect and whether a specific dialect is required for this specific advert.

### 2. Voice Tone & Style

**Suitability for the Brand:** The tone should match the brand's identity—warm and friendly for a community message, authoritative for a formal ad, or energetic for a commercial.

### 3. Emotion & Delivery

The ability to convey the right emotions, enthusiasm, or urgency, depending on the ad's message.

### 4. Clarity & Pronunciation

The artist should have clear articulation and natural pronunciation of Irish words to ensure easy understanding.

### 5. Experience & Versatility

A background in voice acting, especially in advertising, is a plus. Ability to adapt to different styles, moods, or pacing required for the ad.

### 6. Target Audience & Cultural Authenticity

A voice that resonates with the target audience, whether it's a younger demographic, an older generation, or a general audience.  
Cultural awareness to avoid misrepresentation or misinterpretation of the message.





**Ba cheart go  
mbeadh  
urlabhairt  
shoiléir agus  
fuaimniú  
nadúrtha ag an  
ghuthóir le  
tuiscint a  
éascú.'**

# Cad is cainteoir líofa ann?



## Foras na Gaelige

Is ionann duine atá líofa sa Ghaeilge agus duine atá in ann cumarsáid a dhéanamh go nádúrtha agus gan stró sa teanga i réimse leathan comhthéacsanna. Tá níos mó i gceist le líofacht ná stór focal agus eolas ar an ghramadach go díreach – baineann sí leis an chumas thú féin a chur in iúl gan stró, le tuiscint agus le heolas cultúrtha. Seo thíos bun-ghnéithe líofacht na Gaeilge:

### Cur Amach ar Ghramadach & Struchtúr Na hAbarthe

- Cumas abairtí cruinne agus nádúrtha a chur le chéile. Eolas ar rialacha gramadaí na Gaeilge, ar nós:
- Athruithe tosaigh (séimhiú & urú)
- Struchtúir na mbriathra (foirmeacha táite san áireamh msh. Táim vs tá mé)
- Úsáid cheart na copaille (Is mise..., Ba mhaith liom....)

### Stór Leathan Focal & Nath Cainte

- Stór focal éagsúil i réimsí éagsúla (msh. an gnáthshaol, comhthéacsanna oibre agus sóisialta)
- Tuiscint ar chomhchiallaigh ar leaganacha canúnacha d'fhocail
- Seanfhocail agus nathanna cainte úsáidte le líofacht nádúrtha a léiriú msh. tá sé ina phraiseach vs. tá sé dona

### Eolas ar Fhuaimniú & ar Chanúintí

- Fuaimniú cruinn mar a bheadh ag a cainteoirí dúchais
- Eolas ar dhifríochtaí idir chanúintí agus na focail, an fhuaimniú agus an

chomhréir éagsúil atá iontu uilig

- Cumas labhairt ar luas nádúrtha gan barraíocht sosanna a ghlacadh chun teacht ar fhocail

### Scileanna Éisteachta & Tuisceana

- Tuiscint ar an Ghaeilge agus í labhartha ar luas nádúrtha, sna canúintí éagsúla
- Cumas tuairiscí nuachta, cláracha raidió nó comhráite a thuiscint gan stró
- Cumas béarlagair, caint neamhfhoirmeálta nó tagairtí cultúrtha sa ghnáthchaint a aithint

### Stuaim & Muinín Chomhráiteach

- Cumas labhairt gan smaoineamh gan aistriú ón Bhéarla
- Cumas páirt a ghlacadh i bplé casta maidir le hábhair shofaisticiúla
- Cumas dul idir Ghaeilge fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta, agus tuin a chur in oiriúint dá réir

### Cumas Scribhneoireachta & Léitheoireachta

- Cumas scríobh go cruinn agus go bríomhar, agus litriú, gramadach agus struchtúr ceart in úsáid
- Cumas réimse téacsanna a léamh, ó litriocht go filíocht go meáin chomhaimseartha
- Cumas idirdhealú a dhéanamh idir An Caighdeán Oifigiúil agus foirmeacha canúnacha nó níos traidisiúnta



# What is a fluent Irish speaker?



## Foras na Gaelige

A fluent speaker of Irish is someone who can communicate naturally and effortlessly in the language across a range of situations. Fluency involves more than just knowing vocabulary and grammar—it includes ease of expression, comprehension, and cultural awareness. Below are the key aspects of fluency in Irish:

### Command of Grammar & Sentence Structure

- Ability to construct correct and natural sentences.
- Knowledge of Irish-specific grammar rules, such as:
- Initial mutations (séimhiú & urú)
- Verb structures, including synthetic forms (e.g., táim vs. tá mé).
- Use of the copula (Is mise..., Ba mhaith liom...).

### Wide Vocabulary & Idiomatic Expressions

- Varied vocabulary across different topics (e.g., daily life, work, social settings).
- Understanding of synonyms and regional variations of words.
- Use of seanfhocail (proverbs) and nathanna cainte (idioms) that add natural fluency. E.g. Tá sé ina phraiseach (It's a mess) vs. just saying Tá sé dona (It's bad).

### Pronunciation & Dialectal Awareness

- Accurate pronunciation that aligns with native speakers.
- Awareness of dialectal

differences (Ulster, Connacht, Munster) and their variations in vocabulary, pronunciation, and syntax.

- Ability to speak at a natural pace without excessive pausing to think about words.

### Listening & Comprehension Skills

- Can understand spoken Irish at natural speeds, including dialectal variations.
- Able to follow news reports, radio programmes, or conversations without difficulty.
- Recognises slang, informal speech, and cultural references that are common in fluent discourse.

### Conversational Ease & Confidence

- Can speak spontaneously without needing to translate from English.
- Engages in complex discussions beyond basic topics.
- Can switch between formal and informal Irish, adapting tone appropriately.


### Writing & Reading Proficiency

- Can write accurately and expressively, using proper spelling, grammar, and structure.
- Can read a variety of texts fluently, from literature and poetry to modern media.
- Can distinguish between Caighdeán Oifigiúil (Standard Irish) and more traditional or dialectal forms.



# Cúpla Focal don Oifig

## Cupla Focal for the Office



### Agus Seachtain na Gaeilge linn, seo chugaibh frásaí úsáideacha don oifig:

In the spirit of Seachtain na Gaeilge, here are some frásaí úsáideacha to use san oifig:



#### Maidir leis an Obair

Work Related

**An bhfuil an deasc seo saor?**  
ann will ann jask shaw seer /  
(Is this desk free?)

**An bhfuil nóiméad agat?**  
ann will no-made aw-gitt  
(Do you have a minute?)

**Tá cruinniú agam anois**  
taw krinn-yew aw-gum ann-ish /  
(I've a meeting now)

**Cá bhfuil an cruinniú?**  
San oifig nó ar líne?  
caw will ann krinn-yew.  
Ann-shaw no air lee-nah  
(Where's the meeting?  
In office or online?)

**Cén uair atá tú ar fáil?**  
kane oor atah too air fall  
(When are you available?)

**Labhair tú go maith ansin!**  
lower too gaw mah ann-shin  
(You spoke well there)

**Maith thú!**  
mah who (Well done)



#### Gnáthchomhrá

Conversational

**Conas a bhí do dheireadh seachtaine?**  
cun-ass ah vee daw yerah shock-tanya  
(How was your weekend?)

**Tá ocras an domhain orm!**  
taw aw-kriss ann doh-ann orm (I'm starving!)

**Is breá liom do [piece of clothing]!**  
iss bra lum daw \_\_\_\_\_/ (I love your [piece of clothing])

**Ar mhaith leat cupán caife / tae?**  
air why lat cup-ann café / tay (You want a cup of coffee / tea?)

**Oh a Dhia, an bhfaca tú \_\_\_\_?**  
oh ah yee-ah, ann waka two \_\_\_\_/  
(OMG, did you see \_\_\_\_)



#### Na bunrudaí tábhachtacha

The Important Basics

**Maidin mhaith**  
maw-jeen why (Good morning)

**Conas atá tú?**  
cun-iss atah two (How are you)

**Go raibh maith agat**  
go row mah ugg-it (Thank you)

**Slán abhaile**  
slann awalla (Safe home i.e. Bye)

**Bíodh tráthnóna / deireadh seachtaine deas agat!**  
bee-o tra-nona / jer-oo shock-tanya jass ugg-it (Have a lovely evening/ weekend)

**Le do thoil**  
leh daw hull (Please)



# RTÉ Raidió na Gaeltachta ag urrú Catagóir na Gaeilge ag Gradaim Mhargaíochta MII

RTÉ Raidió na Gaeltachta Sponsoring Irish Language Category at Prestigious Marketing Awards.



Rannóg Tráchtála RTÉ  
RTÉ Commercial

**B**eidh RTÉ Raidió na Gaeltachta ag urrú Gradam Margaíochta le Gaeilge ag na MII AIM Awards. Tugann AIM aitheantas do mhargaíocht nuálach agus éifeachtach na hÉireann, agus tógadh an Gradam Margaíochta le Gaeilge isteach le ceiliúradh a dhéanamh ar fheachtais iontacha trí mheán na Gaeilge.

Tréasláinn muid leo siúd a bhain amach áit ar an ghearrliosta! Bronnfaidh Gearóid Mac Donncha, Ceannaire RTÉ Raidió na Gaeltachta, an gradam ar an bhuaiteoir ag Ócáid Cheiliúrtha MII AIM Awards ar an 22ú Bealtaine.

RTÉ Raidió na Gaeltachta are once again sponsoring the Gradam Margaíochta le Gaeilge at the MII AIM Awards. The AIMs recognise innovative and effective Irish marketing, with the Gradam Margaíochta le Gaeilge category introduced to celebrate outstanding Irish language campaigns.

Congratulations to all the shortlisted entries! The winner will be presented with their award by RTÉ Raidió na Gaeltachta's Ceannaire Gearóid Mac Donncha at the MII AIM Awards Gala Celebration on May 22nd.



Pictured Left to right:  
Gearóid Mac Donncha, Ceannaire, RTÉ Raidió na Gaeltachta Audrey Mills, Group Marketing Communications Manager, ESB Tara Keenan, Campaign & Digital Manager, Electric Ireland



## Acmhainní Breise

### Additional Resources

**If féidir na hacmhainní sa liosta thíos a úsáid le cabhrú leat feabhas a chur ar fhoclaíocht agus ar fhuaimniú d'fhógra**

The list below can aid in phraseology and pronunciation when making your Irish advert

**[www.abair.ie](http://www.abair.ie) (Iompaíonn sé téacs scríofa ina chomhad fuaime, ar fáil sa 3 phríomh-chanúint)**

(Converts written text into spoken audio, available in all 3 main dialects)

**[www.aistear.ie](http://www.aistear.ie) (D'aistritheoirí: cuireann sé comhairle orthu maidir le ceisteanna aistriúcháin)**

(For translators: provides guidance and information about translation questions)

**[www.corpas.ie](http://www.corpas.ie) (Corpas na Gaeilge, úsáideach chun eolas a fháil ar mhinicíocht fhrásaí/fhocail)**

(A corpus of the Irish language, useful to check how frequently a word/phrase is used)

**[www.focloir.ie](http://www.focloir.ie) (An Foclóir Béarla-Gaeilge is úire do ghnáth-fhocail)** (The latest English-Irish online dictionary for normal words)

**[www.gaois.ie](http://www.gaois.ie) (Suíomh de chuid DCU – a lán acmhainní úsáideacha air)** (DCU website – has many useful resources)

**[www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) (Foinse chun teacht ar logainmneacha)** (The source of all the original Irish language placenames)

**[www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie) (Trí sheanfhoclóir atá curtha ar líne (BÉ-GA, GA-BÉ, GA-GA) agus draoi gramadaí)** (Three older dictionaries online (EN-IR, IR-EN, IR-IR) and a grammar 'wizard')

**[www.tearma.ie](http://www.tearma.ie) (Foclóir Béarla-Gaeilge le haghaidh téarmaíochta)** (An English-Irish online dictionary for terminology)

**[www.freagra.ie](http://www.freagra.ie) (Líne chabhrach saor in aisce a chuireann comhairle ar dhaoine maidir le ceisteanna faoin Ghaeilge)** (Free helpline designed to assist individuals with queries related to the Irish language)

**[www.forasnagaeilge.ie](http://www.forasnagaeilge.ie) Clár atá faoi chúram Fhoras na Gaeilge ar a bhfuil aistritheoirí creidiúnaithe a bhfuil Séala an Aistriúcháin bainte amach acu, rud a chinntíonn trédhearcacht agus muinín i seirbhísí aistriúcháin.** Séala an Aistriúcháin Translator's Seal A Foras na Gaeilge-maintained public register of accredited translators who hold the Translator's Seal, ensuring transparency and trustworthiness in translation services.



# Go Bunúsach

## In Short

**Má tá fógra Gaeilge á chruthú agat, cinntigh go bhfuil an Ghaeilge lárnach sa phleanáil ón tús msh. Prapaí a mbeidh téacs trí Ghaeilge ag teastáil uathu, aon sluáin nó imeartas focal atá le traschruthú go Gaeilge. Tá fáilte is fiche romhat teagmháil a dhéanamh le Cliodhna aon uair is mian leat.**

If you are creating an Irish language advert, ensure that the language is front and centre from the very beginning e.g. any potential props requiring Irish text, any campaign taglines or wordplays that may need an Irish transcreation. Feel free to contact Cliodhna at any stage of this process.

**Déan teagmháil le haistritheoir cáilithe nó creidiúnaithe leis an script a aistriú nó a athchruthú. Inis dóibh gur aistriúchán ar an teachtaireacht, in áit aistriúchán focal ar fhocal, atá uait.**

Contact a qualified or accredited translator to translate or transcreate your script. Let them know that the translation should be of the overall message, not a word for word translation.

**Agus tú sásta leis an script, cruthaigh cás ar Tairseach Imréitigh RTÉ agus uaslódáil ansin é, agus fan ansin ar chomhairle nó ar fhaomhadh ónár bhfoireann. NB. Ná tosaigh ag taifeadadh go dtí go bhfuil faomhadh faighte.**

Once you're happy with your script, create a case on RTÉ Clearance Portal and upload it there, then wait for approval or guidance from our team. NB. Do not proceed to recording until your script has been approved.

**Má tá guthú le taifeadadh don fhógra, cinntigh go bhfuil na guthóirí ina nGaeilgeoirí líofa**


If there is audio to record for the advert, ensure all voiceover artists are fluent Irish speakers.

**Agus tú sásta le do ghuthú, uaslódáil do chód fuaimne sa chás ar Tairseach Imréitigh RTÉ agus fan ansin ar chomhairle nó ar fhaomhadh ónár bhfoireann.**

Once you're happy with your audio, upload the audio in the case on RTÉ Clearance Portal, then wait for approval or guidance from our team.

**A luaithe a fhaomhtar d'fhógra, is féidir é a chraoladh!**

Once the advert is approved, you are good to go!



## Irish Language Advertising Communications from RTÉ Teachtaireachtaí faoi Fhógraíocht Ghaeilge ó RTÉ

**An bhfuil suim agat eolas faoi fhógraíocht Ghaeilge a fháil uainn ar bhonn níos rialta? Cláraigh chun Nuachtlitir Thráchtála RTÉ a fháil amach anseo, agus le haghaidh tuilleadh nuachta, eolais agus deiseanna a bhaineann le fógraíocht trí Ghaeilge go sonrach.**

Are you interested in hearing from us on a more regular basis about Irish language advertising? Subscribe to receive RTÉ's Nuachtlitir Thráchtála going forward, and for more news, information and opportunities specifically related to advertising as Gaeilge.

**Visit this link to subscribe:**

<https://mediasales.rte.ie/irish-language-advertising-comms-rte>

**Get in Touch Bí i dTeagmháil**

[mediasales@rte.ie](mailto:mediasales@rte.ie)

[askrteclearance@rte.ie](mailto:askrteclearance@rte.ie)

**Clíodhna Ní Mhianáin**

+353 87 116 46 11